CORA Cork Open Research Archive
Cartlann Taighde Oscailte Chorcaí

Title	Athshamhlú an dúchais
Authors	Ní Ghearbhuigh, Ailbhe
Publication date	2022-06
Original Citation	Ní Ghearbhuigh, A. (2022) 'Athshamhlú an dúchais', Critical Voices. Dublin: The Arts Council, pp. 31-34. Available at: https://www.artscouncil.ie/uploadedFiles/wwwartscouncilie/Content/Arts_in_Ireland/Arts_Council_at_70/Critical_Voices_Booklet/Critical_Voices_Ailbhe_N%C3%AD_Ghearbhuigh_Web_AW.pdf (Accessed: 30 August 2022)
Type of publication	Article (non peer-reviewed)
Link to publisher's version	https://www.artscouncil.ie/uploadedFiles/wwwartscouncilie/Content/Arts_in_Ireland/Arts_Council_at_70/Critical_Voices_Booklet/Critical_Voices_Ailbhe_N%C3%AD_Ghearbhuigh_Web_AW.pdf
Rights	© 2022, the Author. Published by The Arts Council.
Download date	2025-03-28 09:51:37
Item downloaded from	https://hdl.handle.net/10468/13513

University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

Athshamhlú an Dúchais

Ailbhe Ní Ghearbhuigh

Bhfuil sí agat ó dhúchas?

Cad tá á fhiosrú nuair a fhiafraítear an cheist seo? Bhfuil teanga agat ón gcliabhán? Bhfuil ceol ag do mhuintir? An mbíodh cáil na scéalaíochta nó an cúpla steip ar do shinsir? Tuigtear ón méid seo go gcuirtear an teanga, an bua, an cultúr ar aghaidh ó ghlúin go glúin.

Cá bhfágannn san an té gan cheangal muintire leis an gcultúr dúchais? An bhfuil cead cainte aige, cead ceoil, cead pocléimní ar urlár rince? Tá, gan amhras. Ní le haon dream amháin an cultúr ná an teanga. Baineann siad leis an rud teibí sin ar a dtugaimid 'ár n-oidhreacht'. In aiste ar fhilíocht na mbard le déanaí, thagair an file Eiléan Ní Chuilleanáin don 'literary estate we inherit'. Níl sa litríocht ach cuid de thailte méithe an eastáit: chuirfinn móinteáin ilchisealacha na hamhránaíochta leis, mar aon le coillte diamhra an bhéaloidis, agus aileach creagach an tsean-nóis. Ní hí an Ghaeltacht *per se* atá i gceist agam anseo, ach dúiche na Gaeilge. Feictear domsa go bhfuil mórán Éireann ealaíontóirí inniu a thuigeann an bhrí agus an bheocht, an cothú agus an lón anama atá ar fáil go fial i ndúiche na Gaeilge.

Tarlaíonn splanc nuair a thagann ealaíontóirí le chéile i mbun oibre. Fairsingítear an dúchas. Tógtar tóchar idir an traidisiún agus an lá inniu. Síntear an tuiscint atá againn ar an ealaín. San ionad ealaíne Triskel a bhíos nuair a rith cuid de na smaointe seo liom is mé ag éisteacht le Nell Ní Chróinín agus Cormac McCarthy i dteannta María Ryan ar an veidhlín agus Kate Ellis ar an dordveidhil. A luaithe is a thosaigh Cormac McCarthy ar an *groove* ar an bpianó, bhí sé dár dtabhairt chuig fearann eile san amhrán 'Iníon an Phalaitínigh'. *Agus lá bréa aoibhinn margaidh is mé ag gabháil trí Bhaile an tSíoda*, a chan Nell go binn, mar is dual di,

poncaíocht shioncóipithe na dtéaduirlisí ag spraoi léi. Sheas an t-amhrán agus an t-amhránaí astu féin, ach chuir an ceol nuachumtha gné bhreise leis an bpíosa.

Bhí Cormac McCarthy i measc na gcumadóirí a ghlac páirt sa togra *Róisín Reimagined*, inar athshamhlaíodh amhráin mhóra na Gaeilge le tionlacan Ceolfhoireann Aireagail na hÉireann. Trí ghuth Mhuireann Nic Amhlaoibh agus trí shaothar na gcumadóirí, osclaítear na hamhráin thraidisúnta amach do sheánraí eile ceoil agus is éachtach mar a éiríonn leo cumasc maorga a chruthú. Is fiú léiritheoir an togra, Dónal O'Connor, a mholadh freisin: ach an oiread le 'Iníon an Phalaitínigh', ní phlúchtar an t-amhrán traidisiúnta; is amhlaidh go séidtear gaoth aduain tríd an gceol.

Ba é ceol Chormaic Uí Bheaglaoich a chuir an cóiréagrafaí Michael Keegan-Dolan faoi gheasa agus a spreag an seó damhsa 'Mám'. Tuairt ab ea an teacht le chéile seo idir teangacha, seánraí ceoil, stíleanna rince agus b'as an teannas sin a fáisceadh spréach an taispeántais. Tá cuntas ar an bpróiseas seo ag Pat Collins sa scannán 'The Dance' a dhein sé i gcomhpháirt le Keegan-Dolan. Díol suntais gur ainm Gaeilge a tugadh ar an seó, 'Mám', focal a bhfuil bríonna éagsúla leis, ach a shamhlaímse sa chás seo mar bhearnas nó bealach thar sliabh, conair nua shamhlaíoch á treabhadh ar shliabh an traidisiúin.

Níl teora leis an saoirse / Ná le cnoca na samhlaíochta a scríobh an Ríordánach agus é ag cáiseamh aonaránachas an ealaíontóra. Nuair a cheolann Iarla Ó Lionáird an dán seo i dteannta The Gloaming, fágtar slí (mám, fiú) do na ceoltóirí a gcuid féin a dhéanamh d'uaigneas casta an dáin. Dán eile le file Gaeilge atá anois mar chuid de stór an Gloaming is ea 'Áthas' le Liam Ó Muirthile. Próiseas na cumadóireachta is ábhar don dán seo is nuair a chloisim an líne *Rófhada a bhíos i ngreim ag déantús an dáin* i mbéal Uí Lionáird, tuigtear

dom gur fuirist a bheith róghafa le déantús an ruda, pé ar bith an dán nó pictiúr nó dealbh a bhíonn idir lámha againn. Ní mór scaoileadh leis pas beag chun an tslí a dhéanamh don *instinct* (ar aistriú eile é ar an bhfocal 'dúchas'). Tá an dáimh seo a bhraitheann Ó Lionáird le saothar na bhfilí Gaeilge á roinnt anois aige ar ardáin ar fud na cruinne.

Tá ardán eile ar fad aimsithe ag ealaíontóirí Gaeilge ó tosaíodh ar fhadscannáin Ghaeilge a dhéanamh faoi choimirce Cine 4. Ar na scannáin sin, tá 'Arracht', a scríobh agus a bhí faoi stiúir Tom Sullivan. Le linn an Drochshaoil a tharlaíonn eachtraí an scéil, an tréimhse is ainnise, b'fhéidir, dá bhfacthas ar an oileán seo. Snáth rí-thábhachtach i scéal ár ndúchais is ea an Drochshaol; ní féidir meon an lae inniu i leith na Gaeilge ná i leith an chultúir dhúchais a thuiscint dá cheal. Tugadh léargas ar an teacht aniar in ainneoin an ghátair, gan aon chuid den ngátar a cheilt orainn.

Fuarthas léiriú iomlán éagsúil ar teacht aniar atá sa chultúr dúchais sa chlár Samhlú 2020 a craoladh ar an scáileán beag le linn na paindéime. Meitheal ealaíontóirí a bailíodh le chéile chun ceiliúradh a dhéanamh ar an gcultúr dúchais tráth go raibh ardú meanman ag teastáil go géar ón gcosmhuintir. Tá moladh mór ag dul don gcomhlacht léiriúcháin Fíbín as feabhas agus uaillmhian an chláir, a chuir plúr na siamsóirí os comhair an phobail, agus arbh é an mhír le Julie Feeney agus Séamus Ó Flatharta ba mhó a chuir ola ar mo chroí. Raghadh an t-iomlán i bhfeidhm ar níos mó daoine fós ach ardán níos leithne a aimsiú dó.

Ach creid é nó ná creid, ní ar son an ardáin mhóir ná cáil dhomhanda a bhíonn an t-ealaíontóir Gaeilge i mbun a c(h)eirde. De ghrá na healaíne a dhéantar é, d'fhonn rud éigin fiúntach a rá; tarlaíonn gurb í an Ghaeilge an meán a roghnaítear. Is í an Ghaeilge a roghnaítear mar go gcreidtear gur meán dlisteanach í, gur meán cumhachtach í. Is í an

Ghaeilge a roghnaítear mar go bhfuiltear ag iarraidh an píosa ealaíne a fhréamhú sa chultúr dúchais agus, san am céanna, a neadú sa saol comhaimseartha. Má tá teacht ar *Weltanschauung* ar leith sa Ghaeilge – agus creidim go bhfuil – is é sin an rud go mbítear ag iarraidh a chur in iúl san ealaín, é a shíneadh, nó dúshlán a thabhairt dó. Agus cé nach bhfuiltear ag dréim le lucht féachana ollmhór, táthar ag iarraidh lucht féachana mar sin féin. Tá obair le déanamh ag lucht eagair féiltí, ag eagarthóirí irisleabhar, ag léiritheoirí dánlann, ag na meáin chumarsáide agus eile chun áit a dhéanamh don sárealaín atá ar bun trí Ghaeilge i láthair na huaire.

Thosnaíos an aiste seo ag trácht ar na comhshaothair spleodracha atá tugtha faoi deara agam le déanaí a d'eascair as an gcultúr dúchais. Ba dheas liom díriú anois ar chás an neach chorr úd - an scríbhneoir Gaeilge - óir is é sin is mó a bhfuil cur amach agam air. Bím féin ag obair i ngort na litríochta, ag treabhadh liom in iomaire na filíochta, beag beann ar éinne. Níl sé sin iomlán fíor, bíonn aird agam ar dhaoine áirithe is mé ag scríobh. Cuirim dánta chuig mo chomhfhilí féachaint an bhfuilim ar an mbóthar ceart, nó an bhfuilim imithe ar seachrán. Bím ag iarraidh a dheimhniú nach bhfuil an teanga curtha as a riocht an iomarca agam san ionramháil a bhíonn ar siúl agam léi. Cuid de dhualgas an fhile is ea an teanga a iniúchadh is a chur faoi bhrú, ach tá srianta dofheicthe aici nach n-aithnítear nó go mbíonn siad sáraithe. Gné thaitneamhach – mealltach, fiú – is ea teorannacha na teanga a phromhadh.

Obair mhall, aonaránach is ea é bheith ag iarraidh dán a scríobh go comhfhiosach, gan trácht ar ghuth fileata a 'aimsiú' is a 'chruthú' is a 'fhorbairt', próiseas a tharlaíonn sa bhfochomhfhios, is dócha. Nuair a bhronnann an Chomhairle Ealaíon sparántacht ar ealaíontóir, tugtar deis dó nó di seal a chaitheamh ag promhadh, rud a iniúchadh, an tslí a

bhrath romhat. Tá an triail sin riachtanach d'aon togra ealaíne, cuma an comhshaothar nó obair duine aonair atá i gceist.

Más obair aonaránach í seo, gabhaim buíochas leis na déithe nach scríbhneoir próis mé. Ní mar mhagadh a deirim é sin, ach toisc go bhfuil neart i bhfilíocht na Gaeilge faoi láthair, ní hamháin ó thaobh feabhas na scríbhneoireachta ach toisc a líonmhaire is atá na filí. Ní miste a rá gur furasta i bhfad an dán Gaeilge a chur i láthair slua anaithnid, seachas píosa próis. Is féidir scéal an dáin a aithris as Béarla, mar a dhéanann Biddy Jenkinson uaireanta. Is féidir dul i muinín aistriúchán Béarla i dteannta an bhundáin, mar is nós le Nuala Ní Dhomhnaill a dhéanamh. D'fhéadfaí an dán a cheol à la Marcus Mac Conghail. Nó d'fhéadfaí an dán a shníomh isteach i mbuillí hip hop, mar atá déanta ag Séamus Barra Ó Súilleabháin faoin ainm 'Súil Amháin'. Níl sé baileach chomh héasca ag an scríbhneoir próis Gaeilge freastal ar lucht féachana nach bhfuil an Ghaeilge ar a dtoil acu. Ceist eile is ea í ar chóir go mbeimis ag freastal ar lucht an Bhéarla, ach ag ócáidí liteartha, is leasc liom daoine a chur ó dhoras toisc nach bhfuil an teanga acu. Braithim dáimh láidir le mo chuid comhfhilí toisc go bhfeicim iad ag féiltí litríochta, ach ní léir dom go mbíonn scríbhneoirí próis Gaeilge ar chlár na bhféiltí móra (Béarla). Díol trua an méid sin, toisc scríbhneoirí breátha próis a bheith thart faoi láthair, Tadhg Mac Dhonnagáin, Réaltán Ní Leannáin, Eoghan Mac Giolla Bhríde agus Colm Ó Ceallacháin, gan ach dornán beag a ainmniú.

Agus cé nach bhfuil lucht léitheoireachta fairsing ag an scríbhneoir Gaeilge, is báúil agus is tuisceanach an pobal atá againn. Mairimid in éiceachóras leochaileach, gan amhras, atá beo ar thacaíocht an stáit, go háirithe ón gComhairle Ealaíon. Gan na ceardlanna a chothaíonn scríbhneoirí, gan na hirisí ag foilsiú na ndréachtaí promhaidh, gan na sparántachtaí a ligeann don údar barr feabhais a chur ar shaothar, gan na foilsitheoirí a chuireann na leabhair amach,

gan na féiltí inar féidir an saothar a chur i láthair agus lucht éisteachta a mhealladh, thitfeadh an gnó ar fad as a chéile. Táimid ar fad ag brath ar a chéile. Ar scáth a chéile.

Is minic a thráchtar ar 'thobar' an dúchais, ach is teoranta an meafar é sin, dar liom. Tá doimhneacht ann, siúráilte, ach ní thuigtear fairsinge ná ilghnéitheacht an dúcháis. An samhradh seo caite, a bhuí leis an gComhairle Ealaíon, chaitheas coicís i mBaile Mhúirne ag foghlaim teanga nua. I dteannta bheirt rinceoirí comhaimseartha a bhíos, Siobhán Ní Dhuinnín agus Sibéal Davitt, agus cé nach rabhas ag rince leo, is mó a thugas liom i dtaobh chumas nó 'teanga' na colainne. Dheineas iontas den raon léirithe a bhí ag an gcorp oilte, gan trácht ar an tslí go bhféadfaidís rud éigin a thuiscint *trína* gcolainn. Oscailt súl ab ea é sin sa tréimhse chónaitheach i mBaile Mhúirne. Bhíomar triúr ann ag fiosrú na gcéadfaí sa Ghaeilge – mise mar thaighdeoir agus file, agus iadsan mar rinceoirí. Labhraíomar faoin bpléisiúr collaí sa traidisiún Gaelach, go háirithe san fhilíocht. Agus sinn i mbun iniúchta ar fhocail agus frásaí áirithe, dheineamar iad a phromhadh inár mbealaí féin. Gan aon agó, bhraitheas mo thuiscint ar an ealaín ag fairsingiú agus mé ag faire ar na gluaiseachtaí, agus bhí m'uirlis féin – mo chuid Gaeilge - á haclú tríd an bplé. Ba í an teanga a bhí mar bhunsraith na hoibre a bhí ar siúl againn i mBaile Mhúirne ó tharla gurb í an Ghaeilge a labhraimid triúr le chéile. Agus cé nach rince 'dúchasach' é an damhsa comhaimseartha, tuigtear dúinn go mbaineann an obair a dheineamar le chéile go dlúth leis an dúchas.

Tá siúráil agus muinín le tabhairt faoi deara in ealaíontóirí Gaeilge an lae inniu. Tá tuiscint ar leith acu ar an gcultúr dúchais agus meas acu air dá réir. Tuigeann siad an mianach atá ann agus tá siad inniúil ar a gcuid féin a dhéanamh de. Is léir ó *Samhlú 2020*, *Róisín Reimagined* agus na tograí eile go bhfuiltear ag dul i ngleic leis an dúchas ar bhealaí nua. Crann taca is ea an Chomhairle Ealaíon san obair seo go léir. Níl aon amhras orm ach go bhféachfar siar ar an

tréimhse seo mar thús ré órga, tráth ina raibh athshamhlú á dhéanamh ar dhúiche na Gaeilge agus macallaí nua á mbaint as an dúchas. Caithfear éisteacht.